

Treoir d'iarrthóirí i nósanna imeachta roghnúcháin arna n-eagrú ag Parlaimint na hEorpa

CLÁR ÁBHAIR

CLÁR ÁBHAIR	2
1. RÉAMHRÁ	3
2. CONAS IARRATAS A DHÉANAMH	3
2.1 Barúlacha ginearálta	3
2.2 Conas do chomhad iarratais comhlánaithe a chur isteach	4
2.2.1 Socrú réasúnta	4
2.3 Na doiciméid tacaíochta nach mór a chur i gceangal leis an iarratas	5
2.3.1 Nótaí ginearálta	5
2.3.2 Doiciméid tacaíochta i gcás na gcritéar ginearálta incháilitheachta	5
2.3.3 Doiciméid tacaíochta i gcás na gcritéar sonracha incháilitheachta	5
Céimeanna agus/nó teastais lena ndéantar fianú ar chúrsaí léinn a tugadh chun críche go rathúil	5
Taithí ghairmiúil (má iarrtar a leithéid)	6
Eolas ar theangacha	7
3. NA CÉIMEANNA SA NÓS IMEACHTA	7
3.1 Cead isteach agus measúnú cáilíochtaí (an chéad chéim)	7
3.1.1 Cead isteach	7
3.1.2 Measúnú ar cháilíochtaí	8
3.2 Tástálacha (an dara céim)	8
3.3 Líosta d'iarrthóirí oiriúnacha	9
4. DÍCHÁILIÚ	9
5. FAISNÉIS GHINEARÁLTA	10
5.1 Ranníocaíocht airgeadais i leith speansais taistil agus cothaithe/aisíocaíocht speansais misin i dtaca le tástálacha a dhéantar go pearsanta	10
5.2 Iarrataí ó iarrthóirí ar rochtain ar fhaisnéis a bhaineann leo	10
5.3 Cosaint sonraí pearsanta	11
6. IARRATAÍ AR ATHBHREITHNIÚ – GEARÁIN AGUS ACHOMHAIRC – GEARÁIN CHUIG AN OMBUDSMAN EORPACH	11
IARSCRÍBHINN I	12
IARSCRÍBHINN II	16
IARSCRÍBHINN III	20
IARRATAÍ AR ATHBHREITHNIÚ – GEARÁIN AGUS ACHOMHAIRC – GEARÁIN CHUIG AN OMBUDSMAN EORPACH	20
A. Iarrataí ar athbhreithniú	20
B. Gearáin riaracháin agus gníomhaíocht bhreithiúnach	20
C. Gearán a thaisceadh leis an Ombudsman Eorpach	21

1. RÉAMHRÁ

Eagraítear nósanna imeachta roghnúcháin chun iarrthóirí atá oiriúnach do líonadh post sealadach i bParlaimint na hEorpa a aithint, a mheasúnú agus a roghnú. Tá siad oscailte do gach saoránach de AE a chomhallann na critéir incháilitheachta (ginearálta agus sonracha) agus a bhfuil na cáilíochtaí riachtanacha acu faoin dáta deiridh le haghaidh iarratas. Cinntíonn siad go mbíonn deis chóir ag gach iarrthóir a scileanna a thaispeáint, ina lamháiltear roghnúcháin bunaithe ar fhiúntas agus ar chóir chomhionann.

Is é cuspóir na bpost sealadach freagairt do riachtanais riaracháin agus oibríochtúla Pharlaimint na hEorpa, bíodh sé i gcás saineolais speisialaithe nó go gcinnteoidh an fhoireann go bhfeidhmeoidh a seirbhísí go réidh agus go héifeachtúil.

Cuirtear iarrthóirí rathúla i nós imeachta roghnúcháin ar liosta d'iarrthóirí oiriúnacha, agus earcaíonn Parlaimint na hEorpa iad sin bunaithe ar a riachtanais. Ní ráthaíocht é go n-earcófar daoine má chuirtear ar liosta cúltaca iad: ní cheapfar iarrthóirí ach amháin nuair a bheidh post sealadach comhfhreagrach ar fáil sa phlean bunaíochta agus nuair a bheidh na hacmhainní buiséadacha is gá ar fáil.

Bunaítear coiste roghnúcháin do gach nós imeachta. Ceapann coiste riaracháin agus foirne Parlaimint na hEorpa a chomhaltaí. Tá a chuid imeachtaí rúnda agus seoltar iad i gcomhréir le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Chun na hiarrthóirí is oiriúnaí a aithint, déanann an coiste roghnúcháin comparáid idir cáilíochtaí, taithí ghairmiúil agus feidhmíocht na n-iarrthóirí chun a n-oiriúnacht a mheasúnú chun na dualgais a thuairiscítear san fhógra earcaíochta a chomhall. Ní hamháin go ndéanann siad measúnú ar eolas na n-iarrthóirí, ach aithníonn siad na daoine is cáilithe ar bhonn fiúntais chomh maith.

2. CONAS IARRATAS A DHÉANAMH

2.1 Barúlacha ginearálta

Sula ndéanann tú iarratas, **cinntigh go gcomhallann tú na critéir incháilitheachta uile** tríd an bhfógra earcaíochta agus an treoir seo a léamh go cúramach agus aird chuí a thabhairt ar na ceanglais.

Ní mór duit d'iarratas a chur isteach tríd an ardán ar líne amháin [Apply4EP](#). Chun cuntas a chruthú ar Apply4EP, cliceáil ar an táb 'Déan iarratas ar líne' ag bun an fhógra earcaíochta agus lean na teoracha.

Ní féidir leat ach cuntas Apply4EP amháin a bheith agat, ach is féidir leat d'fhaisnéis phearsanta a nuashonrú más gá.

Má bhíonn deacrachtaí agat cuntas Apply4EP a chruthú nó má bhíonn fadhbanna teicniúla agat, déan teagmháil le PERS-APPLY4EPContacts@europarl.europa.eu.

Cinntigh go ndéanfaidh tú d'iarratas ar líne comhlánaithe, mar aon leis na doiciméid tacaíochta riachtanacha go léir, a bhailíochtú in Apply4EP faoin spriocdháta a shonraítear san fhógra earcaíochta.

Ní ghlacfar le hiarratais ná le doiciméid tacaíochta a chuirfear isteach trí Apply4EP tar éis an sprioc-ama. Ná fan go dtí an lá deireanach le hiarratas a dhéanamh. Ní bheidh Parlaimint na hEorpa freagrach as aon fhadhbanna teicniúla sa nóiméad deireanach a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar ró-ualach córais.

Ní bhreithneofar ach na hiarratais a chuirfear isteach trí Apply4EP. Ná seol d'iarratas tríd an bpost cláraithe ná gnáthphost agus ná cuir isteach é go pearsanta, mar ní ghlacfaidh an tAonad um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain leis.

Déileálann an tAonad um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain le gach cumarsáid le hiarrthóir

tríd an nós imeachta. Seolfar gach comhfhreagras, lena n-áirítear cuireadh chun na dtástálacha agus fógraí faoi thorthaí tástála, chun an tseolta ríomhphoist a cuireadh ar fáil i d'iarratas Apply4EP.

Seiceáil do ríomhphoist go rialta agus nuashonraigh do shonraí pearsanta más gá.

Ná cuir gloch ar an Aonad um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain.

Is féidir leat aon cheisteanna a chur isteach trí fhreagairt don ríomhphost ina ndeimhnítear go bhfuarthas d'iarratas ar líne.

Má tá gá agat le teastas freastail do na tástálacha, is féidir leat ceann a iarraidh trí fhreagairt don teachtaireacht ina dtugtar cuireadh duit chun na tástála.

2.2 Conas do chomhad iarratais comhlánaithe a chur isteach

- a) Cliceáil ar an gnaipe 'Déan iarratas ar líne' san fhógra earcaíochta Má tá cuntas agat cheana féin, logáil isteach. Mura bhfuil cuntas agat fós, cruthaigh ceann.
- b) Ceangail na doiciméid tacaíochta riachtanacha go léir, i bhformáid PDF más féidir (is féidir doiciméid a uaslódáil i bhformáidí DOC, DOCX, GIF, JPG, TXT, PNG agus RTF freisin, ach is fearr PDF). Moltar go láidir duit do dhoiciméid tacaíochta go léir a ullmhú roimh ré. Má bhíonn an iliomad doiciméad agat, déan iad a chur le chéile i gcomhad aonair, i bhformáid PDF más féidir, sula ndéanfar iad a uaslódáil. Cinntigh go bhfuil do dhoiciméid inléite agus nach bhfuil an comhad a uaslódáilann tú chun Apply4EP níos mó ná 5 MB.
- c) Déan d'iarratas a bhailíochtú trí na treoracha a leanúint in Apply4EP. Nuair a bheidh d'iarratas bailíochtaithe agat, ní féidir leat é a athrú ná doiciméid a chur leis a thuilleadh.

NB: Má fhágann tú an leathanach gan d'iarratas a shábháil ná a chríochnú, nó má théann an seisiún ar Apply4EP in éag (uasfhad an tseisiúin: 120 nóiméad), caillfidh tú an fhaisnéis atá uaslódáilte agat agus beidh ort tosú arís.

Tabharfar deimhniú ar gach iarratas a dhéanfar trí Apply4EP trí ríomhphoist ina luafar go bhfuil an t-iarratas cláraithe. Mura bhfeiceann tú ríomhphost deimhnithe i do bhosca isteach, déan cinnte go seiceálann tú d'fhilleán turscair.

2.2.1 Socrú réasúnta

Má tá míchumas ort nó má tá cúinsí sonracha agat a d'fhéadfadh fadhbanna a chruthú le linn na tástála (e.g. toircheas, beathú cíche, fadhbanna sláinte, cóireáil liachta), ní mór duit é seo a shonrú i d'iarratas. Más mian leat cóiríocht réasúnta a iarraidh, beidh ort foirm iarratais a líonadh isteach, a chuirfear ar fáil duit roimh an tástáil. Ní mór duit doiciméid tacaíochta a sholáthar chun údar a thabhairt le d'iarratas ar chóiríocht réasúnta. Is féidir deimhnithe liachta, nótaí dochtúra, nó cruthúnas ar chóiríochtaí réasúnacha roimhe seo, amhail aon chóiríochtaí a deonaíodh roimhe seo chun scrúduithe le linn do chuid oideachais nó gairme gairmiúla, a bheith i measc na ndoiciméad tacaíochta. Déanfar measúnú ar an bhfaisnéis i do dhoiciméid tacaíochta d'fhonn na socruithe riachtanacha a chur ar fáil.

Ba chóir duit an fhoirm iarrata agus na doiciméid tacaíochta a sheoladh chun Seirbhís Liachta Pharlaimint na hEorpa ina n-úsáidtear an seoladh ríomhphoist tiomnaithe atá luaite san fhoirm. Ná seol aon fhaisnéis liachta chun an Aonaid um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain. Tabhair do d'aire go gcaithfidh tú **iarraidh ar chóiríocht réasúnta a chur isteach i gcás gach nós imeachta** a ndéanann tú iarratas air, ó nach gcoinníonn an tSeirbhís Liachta taifid d'iarratais roimhe seo mar gheall ar rialacháin cosanta sonraí. **Féadfaidh tú na doiciméid tacaíochta chéanna a athúsáid má fhanann do chás gan athrú, áfach.**

Tabhair do d'aire nach bhfuil an bogearra tástála ar líne (TestWe) **inrochtana faoi láthair d'iarrthóirí a úsáideann léitheoirí scáileáin, formhéadaitheoirí nó bogearraí urlabhra-go-téacs, ná d'iarrthóirí a bhfuil lagú éisteachta orthu**, mar beidh ort gloch ar an soláthraí má bhíonn fadhb agat le linn na tástála.

Déanfar socruithe malartacha, i gcás inarb iomchuí, d'iarrthóirí a iarrann cóiríocht réasúnta (e.g. iarrthóirí a bhfuil lagú radhairc nó éisteachta orthu nó iarrthóirí a bhfuil neamhord urlabhra agus/nó teanga orthu), ar choinníoll go gceadaíonn Seirbhís Liachta Pharlaimint na hEorpa a n-iarraidh.

2.3 Na doiciméid tacaíochta nach mór a chur i gceangal leis an iarratas

2.3.1 Nótaí ginearálta

Ní gá go mbeadh na doiciméid a uaslódálann tú le d'iarratas ar líne ina gcóipeanna fíordheimhnithe. Ní doiciméid tacaíochta bailí iad tagairtí do shuíomhanna gréasáin ná do chuntais meán sóisialta. Ní mheasfar priontaí de leathanaigh ó shuíomhanna gréasáin mar theastais, cé gur féidir iad a áireamh chun faisnéis bhreise a sholáthar amháin.

Ní mheastar curriculum vitae mar dhoiciméad tacaíochta a chruthaíonn taitheí ghairmiúil, cáilíochtaí ná eolas ar theangacha.

Agus tú ag cur d'iarratas le chéile, ná déan tagairt d'fhoirmeacha iarratais ná d'aon doiciméid eile atá uaslódáilte agat i dtaca le hiarratas roimhe seo.

2.3.2 Doiciméid tacaíochta i gcás na gcritéar ginearálta incháilitheachta

Ag an bpointe seo, níl aon doiciméid ag teastáil chun a chruthú:

- go bhfuil tú i do náisiúnach de Bhallstát de chuid an Aontais Eorpaigh;
- go bhfuil do lánchearta mar shaoránach á dteachtadh agat;
- go bhfuil aon oibleagáidí a fhorchuirtear ort leis na dlíthe maidir le seirbhís mhíleata comhlíonta agat; agus
- go bhfuil na tagairtí carachtair iomchuí agat a dheimhníonn d'oiriúnacht chun na dualgais lena mbaineann a chomhlíonadh.

Ní mór duit tic a chur sa bhosca chun a dhearbhu ar d'onóir go gcomhallann tú na critéir agus go bhfuil an fhaisnéis a thug tú fíor agus iomlán. Má earcaítear thú, iarrfar ort doiciméid a sholáthar a chruthaíonn d'incháilitheacht.

2.3.3 Doiciméid tacaíochta i gcás na gcritéar sonracha incháilitheachta

Tá ort an fhaisnéis go léir agus na doiciméid uile is gá a sholáthar don choiste roghnúcháin chun go mbeidh ar a chumas beachtas na faisnéise atá tugtha san fhoirm iarratais a dheimhniú.

Céimeanna agus/nó teastais lena ndéantar fianú ar chúrsaí léinn a tugadh chun críche go rathúil

Ní mór cóipeanna de do dhioplómaí meánoideachais nó ardoideachais, dioplómaí ollscoile nó teastais a áireamh i d'iarratas ar líne, ina ndeimhnítear go bhfuil staidéar déanta agat ar an leibhéal a cheanglaítear san fhógra earcaíochta.

Cuirfidh an coiste roghnúcháin na córais oideachais éagsúla i mBallstáit an Aontais Eorpaigh i gcuntas (féach Iarscríbhinn I agus II a ghabhann leis an treoir seo). Is cuma cé acu i mBallstát an

Aontais nó i dtír eile a bhronntar iad, ní mór do chéimeanna a bheith aitheanta ag comhlacht oifigiúil i mBallstát an Aontais, amhail Aireacht Oideachais ceann de Bhallstáit an Aontais. Má tá tú i seilbh dioplómaí/céimeanna a bhronn Ballstát nach Ballstát den Aontas Eorpach é, ní mór duit ráiteas coibhéise Eorpach a sholáthar i gcás na ndioplómaí/na gcéimeanna sin le d'iarratas. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoi aitheantas cáilíochtaí nach ó AE ar shuíomh gréasáin [líonraí ENIC-NARIC](#).

I gcás dioplómaí iar-mheánscoile, ní mór duit an fhaisnéis is mionsonraithe is féidir a sholáthar, go háirithe maidir leis na hábhair agus an fad ama a rinne tú staidéar orthu, ionas gur féidir leis an gcoiste roghnúcháin, má shonraítear a mhalairt san fhógra, ábharthacht na ndioplómaí a mheasúnú do na dualgais atá le comhlíonadh.

Má chuireann tú dioplómaí isteach a bhaineann le hoiliúint theicniúil nó ghairmiúil, le cúrsaí oiliúna breise nó le cúrsaí speisialtóireachta, ní mór duit a lua an raibh an cúrsa lánaimseartha, páirtaimseartha nó comhdhéanta de ranganna tráthnóna agus sonraí a sholáthar faoi na hábhair a ndearna tú staidéar orthu agus fad oifigiúil an chúrsa. Uaslódáil an fhaisnéis seo i ndoiciméad amháin.

Taithí ghairmiúil (má iarrtar a leithéid)

Ní chuirfear i gcuntas ach tréimhsí taithí ghairmiúil a fuarthas tar éis bhronnadh an dioplóma/na ndioplómaí nó na cáilíochta/na gcáilíochtaí is gá. Chun do thaithí ghairmiúil a léiriú, ní mór duit doiciméid ábhartha a sholáthar a chruthaíonn go soiléir:

- fad do thaithí gairmiúla;
- leibhéal do thaithí gairmiúla; agus
- cur síos mionsonraithe ar an obair a rinne tú.

Ní leor deimhnithe fostaíochta a sholáthar nach ndeimhníonn ach an tréimhse fostaíochta. Caithfidh an coiste roghnúcháin a bheith ábalta a mheasúnú conas a bhaineann do thaithí leis na dualgais a bhfuil cur síos orthu san fhógra earcaíochta. **Mura bhfuil cur síos ar do chúraimí i do dhoiciméid, ní féidir do thaithí a mheas i gceart agus féadfar neamhaird a thabhairt uirthi. Ní mór gach maíomh ar thaithí ghairmiúil i d'iarratas a fhirinniú leis na doiciméid tacaíochta chuí, mar sin.** Seo a leanas samplaí de dhoiciméid inghlactha (liosta neamh-uileghabhálach).

- Ráitis ó fhostóirí reatha nó roimhe seo ag deimhniú go bhfuil an leibhéal de thaithí ghairmiúil riachtanach agat, mar atá sonraithe san fhógra earcaíochta (e.g. teastais fostóra, dearbhuithe fostaíochta, tuarascálacha measúnaithe, litreacha tagartha nó molta).
- Mura féidir leat na ráitis sin a sholáthar toisc rúndachta, ní mór duit doiciméid eile a chur isteach, amhail fótachóipeanna de do chonradh fostaíochta **le cur síos poist**, litir earcaíochta, agus do ráitis tuarastail tosaigh agus is déanaí araon.
- Má rinneadh an obair go neamhspleách (e.g. mar dhuine féinfhostaithe nó comhalta de na gairmeacha liobrálacha), glacfar le sonraisc chun seirbhísí a tugadh nó aon doiciméid oifigiúla eile a bhaineann le do ghníomhaíochtaí gairmiúla mar fhianaise.

Tá na doiciméid seo riachtanach chun do thaithí ghairmiúil a fhíorú agus a chinntiú gur féidir leis an gcoiste roghnúcháin a ábharthacht don sainchuntas poist a mheas. Féadfar nach n-aithneofar do thaithí ghairmiúil toisc doiciméadú neamhiomlán nó neamhleor.

Ní féidir gach tréimhse taithí oibre a chur san áireamh ach aon uair amháin. Ba cheart go mbeadh an taithí ghairmiúil ina fíorobair éifeachtach agus ba cheart go n-íocfar í. Féadfar cineálacha eile taithí ghairmiúil a chur i gcuntas, áfach, mar a thuairiscítear thíos.

- Taithí ghairmiúil mar oibrí deonach: Cuirfear san áireamh taithí a fuarthas mar oibrí deonach má bhí sí rialaithe ag conradh nó ag comhaontú foirmiúil coibhéiseach agus má mhair sí cúig mhí ar a laghad go lánaimseartha. Ní thabharfar creidiúint duit as níos mó ná bliain amháin de thaithí mar oibrí deonach.

- Oiliúnachtaí íoctha nó neamhíoctha: Cuirfear oiliúnachtaí san áireamh mura raibh siad mar chuid de chúrsa staidéir agus má mhair siad cúig mhí ar a laghad go lánaimseartha. Ní thabharfar creidiúint duit as níos mó ná bliain amháin de thaithí a fuarthas trí oiliúnachtaí. Ní mheasfar mar thaithí ghairmiúil ábhartha ach an fad íosta oiliúna a chaithfear a chríochnú chun rochtain a fháil ar ghairm, agus ní chuirfear san áireamh í ach amháin má fuair tú an ceart chun an ghairm i gceist a chleachtadh.
- Seirbhís mhíleata nó shibhialta éigeantach: Má rinne tú an tseirbhís sin, cuirfear síos duit an fad ama a chaith tú ag fónamh. Sa chás sonrath seo, cuirfear do thaithí i gcuntas fiú má chomhlánaigh tú do sheirbhís roimh an dáta ar a bhfuair tú an dioplóma a thugann rochtain ar an ngrúpa feidhme agus ar an ngrád ábhartha.
- Saoire mháithreachais/athartha/uchtála/tuismitheora/teaghlaigh: Má ghlac tú an tsaoire sin agus tú faoi chumhdach conradh fostaíochta; measfar í mar obair lánaimseartha, is cuma más ar bhonn lánaimseartha nó leathaimseartha a tógadh í.
- Dochtúireacht: Cuirfear san áireamh obair i leith dochtúireachta ar feadh uasmhéid trí bliana, ar choinníoll gur bhain tú an dochtúireacht amach i ndáiríre.
- Obair pháirtaimseartha: Ríomhtar méid na taithí gairmiúla a fhaightear trí obair pháirtaimseartha ar bhonn an líon uaireanta a chloig a oibrítear (e.g., má d'oibrigh tú dhá lá i seachtain oibre cúig lá ar feadh tréimhse 10 mí, mheasfaí é seo mar cheithre mhí de thaithí ghairmiúil). Mar sin féin, féadfaidh an coiste roghnúcháin, de réir a rogha féin, a chinneadh obair a rinneadh ar bhonn leathaimseartha ar a laghad a mheas mar obair lánaimseartha, chun do thaithí ghairmiúil a ríomh.

Eolas ar theangacha

Ní mór duit a chur in iúl:

- do **theanga 1** agus do leibhéal eolais ar an teanga seo,
- do **theanga 2** agus do leibhéal eolais ar an teanga seo, agus
- aon teangacha eile atá agat

Tabhair faoi deara go gcaithfidh teanga 1 agus teanga 2 a bheith éagsúil.

Tabhair faoi deara nach mór na híosleibhéil riachtanacha atá sonraithe san fhógra earcaíochta a bhaint amach i ngach réimse den inniúlacht theangeolaíoch (labhairt, scríobh, léitheoireacht, éisteacht) a luaitear ar an bhfoirm iarratais. Freagraíonn na leibhéil seo do na leibhéil atá leagtha síos sa Chreatlach Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha (<https://europa.eu/europass/common-european-framework-reference-language-skills>), agus C2 ar an leibhéal is airde sa chreatlach agus A1 ar an leibhéal is ísle.

Ní gá aon doiciméid a bheith i d'iarratas a chruthaíonn go bhfuil an t-eolas teanga atá sonraithe i d'fhoirm iarratais agat.

3. NA CÉIMEANNA SA NÓS IMEACHTA

3.1 Cead isteach agus measúnú cáilíochtaí (an chéad chéim)

3.1.1 Cead isteach

Ar dtús, ullmhóidh an t-údarás ceapacháin liosta d'iarrthóirí a dhearbhaigh gur chomhlíon siad na critéir ghinearálta faoin spriocdháta a leagadh síos san fhógra earcaíochta. Seolfaidh sé an liosta seo go dtí cathaoirleach an choiste roghnúcháin ansin.

Ansin, cinntí an coiste roghnúcháin an nglacfar le gach iarrthóir sa nós imeachta roghnúcháin trí mheasúnú an gcomhlíonann an t-iarrthóir na critéir shonracha. Agus é sin á dhéanamh aige, cuirfidh sé na critéir a leagtar amach san fhógra earcaíochta i bhfeidhm go docht. Tá gach fógra earcaíochta ar leithligh ó na cinn eile go léir, agus ní ráthaíonn cead isteach i nós imeachta roghnúcháin roimhe seo cead isteach in aon nós imeachta roghnúcháin eile.

3.1.2 Measúnú ar cháilíochtaí

Déanfaidh an coiste roghnúcháin measúnú ar na cáilíochtaí atá i ngach iarratas iarrthóra a nglacfar leo.

Ullmhóidh an coiste roghnúcháin liosta d'iarrthóirí dá dtabharfar cuireadh chun na dtástálacha, lena n-áirítear aon iarrthóirí a bheidh ar comhtharraingt don áit cháilitheach deiridh. Sonrófar san fhógra earcaíochta líon na n-iarrthóirí dá dtabharfar cuireadh chun na dtástálacha.

3.2 Tástálacha (an dara céim)

Bíonn na tástálacha go léir éigeantach agus díbreach. Tarlóidh siad an lá céanna nó thar dhá lá as a chéile. Beidh an líon uasta iarrthóirí a ligfeadh isteach sna tástálacha, sonraí na dtástálacha agus na pointí is féidir a bhronnadh as na tástálacha sonraithe san fhógra earcaíochta.

Féadfar trialacha scríofa a dhéanamh i bpearsa nó go cianda. Má bhíonn siad ar siúl i bpearsa, tabharfar cuireadh duit chun áitreabh Pharlaimint na hEorpa. Má bhíonn siad ar siúl go cianda, iarrfar ort ardán TestWe a úsáid, i gcomhréir leis na treoracha seo a leanas.

Ní chomhallann an bogearra tástála ar líne riachtanais inrochtaineachta digiteacha roinnt úsáideoirí faoi láthair (féach alt 2.2.1 den treoir seo le haghaidh tuilleadh eolais).

Má tá tú ábalta na bogearraí a úsáid chun an tástáil a dhéanamh, beidh **ríomhaire pearsanta** (ríomhaire deisce nó ríomhaire glúine) ag teastáil uait le:

- Microsoft Windows 10 nó níos déanaí nó Mac OS X 10.15 nó níos déanaí;
- 2 GB de spás saor ar an diosca cruaidh;
- ceamara gréasáin éadain atá ceangailte le do ríomhaire nó ionsuite ann;
- nasc idirlín;
- 4 GB de RAM (8 GB molta).

Cuirfeadh ar an eolas thú roimh an triail/na trialacha maidir le haon athruithe ar na híoscheanglais theicniúla a thiocfaidh as nuashonrú ar na bogearraí.

Níl na córais oibriúcháin seo a leanas oiriúnach: Windows XP, Windows Vista agus níos ísle, Windows 10 S, Windows ARM (RT), MacOS 10.11 agus níos ísle, iOS (iPad, iPhone), Android, Chromebook, Virtual Machine, Linux (Debian, Ubuntu, etc.) agus 32-ghiotán OS.

Beidh cearta riarthóra ag teastáil uait chomh maith don ríomhaire deisce nó don ríomhaire glúine atá in úsáid agat chun rochtain ar gach feidhmchlár (lena n-áirítear doiciméid, pacáistí bogearraí eile, agus suíomhanna gréasáin) seachas na bogearraí tástála a bhac le linn na tástála.

Ní mór duit a sheiceáil go bhfuil an dáta agus an t-am ar do ríomhaire ceart agus go bhfuil an taifeach scáileáin ceart agat.

Ní mór duit an t-ardán a íoslódáil, a shuiteáil, a fhíorú agus a thástáil a luaite is féidir. Iarrfar

ort tástáil réamhriachtanais a rith chun an feidhmchlár a thástáil tar éis duit é a shuiteáil. Tá an tástáil réamhriachtanais **éigeantach** agus ní mór í a dhéanamh **ar an ríomhaire a úsáidfidh tú lá na tástála**. Ní bhfaighidh tú aon phointí ón tástáil réamhriachtanais. Cuirfidh sé ar do chumas tú féin a chur ar an eolas faoin ardán agus conas é a úsáid.

Ní mór gach córas frithvíreas ar do ríomhaire deisce nó ríomhaire glúine a dhíchumasú agus tú ag úsáid ardán TestWe.

Cuirfear tuilleadh eolais agus treoracha faoin seisiún trialach chugat leis an ríomhphost ina dtabharfar cuireadh duit chun na trialach. Ba cheart duit na treoracha a léamh go cúramach agus iad a leanúint go díreach.

Má tharlaíonn fadhb le linn na tástála, **glaigh ar an soláthraí seirbhíse láithreach ar +33 1 76 41 14 88** le go réiteofar an fhadhb ionas gur féidir leat leanúint de do thástáil.

Má éiríonn tú as le linn na tástála, ní mharcálfar do chóip.

Is é an dáta agus an t-am a luaitear sa chuireadh chun tástála **an t-aon dáta agus am is féidir an tástáil a dhéanamh**. Mura mbeidh tú ábalta an triail a dhéanamh, **ní bheidh deis eile agat í a dhéanamh**.

Is féidir tástálacha béil a reáchtáil i bpearsa nó go cianda.

3.3 Liosta d'iarrthóirí oiriúnacha

Scaipfear an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach san fhógra earcaíochta.

Má tá d'ainm ar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha, ciallaíonn sé sin go bhféadfadh ceann de stiúrthóireachtaí ginearálta Pharlaimint na hEorpa glaoch ort chun agallaimh. Ní chiallaíonn sé sin go bhfuil an ceart agat a bheith earcaithe, áfach, agus ní ráthaíonn sé go n-earcófar thú ach an oiread. Sonrófar bailíocht an liosta san fhógra earcaíochta.

4. DÍCHÁILIÚ

Is cuma cén chéim den nós imeachta atá bainte amach agat, dícháileofar thú:

- má bhíonn níos mó ná cuntas Apply4EP amháin agat;
- má dhéanann tú dearbhuithe bréagacha nó má chuireann tú doiciméid bhréagacha isteach;
- mura liostaíonn tú Béarla ná Fraincis mar theanga 2 i d'iarratas;
- mura bhfreagraíonn tú cuireadh nó murar féidir dul i dteagmháil leat trí ríomhphost;
- mura ndéanann tú na trialacha;
- má dhéanann tú caimiléireacht sna tástálacha;
- mura gcloíonn tú leis na treoracha a thugtar do na tástálacha ar líne;
- má dhéanann tú iarracht teagmháil a dhéanamh le comhalta den choiste roghnúcháin ar shlí neamhúdaraíthe, go díreach nó go hindíreach; nó
- má shíníonn tú nó má dhéanann tú marc aitheantais ar do thástáil scríofa, a cheartófar gan ainm.

Ní mór duit ardleibhéal iontaofachta a léiriú. Má dhéanann tú calaois nó má dhéanann tú iarracht í a dhéanamh, gearrfar pionós ort.

5. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

5.1 Ranníocaíocht airgeadais i leith speansais taistil agus cothaithe/aisíocaíocht speansais misin i dtaca le tástálacha a dhéantar go pearsanta

I gcás iarrthóirí inmheánacha: Más oifigeach nó seirbhíseach eile de chuid an Aontais Eorpaigh thú atá cumhdaithe ag Rialacháin Foirne na nOifigeach nó Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, má tá tú i seirbhís Pharlaimint na hEorpa faoi láthair agus má thugtar cuireadh duit freastal ar thástálacha go pearsanta, féadfaidh tú a bheith i dteideal aisíocaíocht a fháil ar do chostais mhisin, i gcomhréir le hAirteagail 11 go 13 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

I gcás iarrthóirí seachtracha: Má thugtar cuireadh duit freastal ar thástálacha i bpearsa, d'fhéadfaí ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh i leith do speansais taistil agus cothaithe.

Tabharfar sonraí faoin nós imeachta éilimh d'iarrthóirí sa chuireadh chun na dtástálacha.

Measfar an seoladh a sholáthraíonn tú ar an bhfoirm iarratais Apply4EP mar an áit as a n-imeoidh tú chun freastal ar na tástálacha. Má thugann tú fógra faoi athrú seolta tar éis do Pharlaimint na hEorpa na cuirí chun na dtástálacha a sheoladh, ní chuirfear an t-athrú seolta i gcuntas mura measann Parlaimint na hEorpa gurb ionann na himthosca a luann tú agus force majeure nó go bhfuil siad go hiomlán eisceachtúil ar shlí eile. Is ortsa atá an fhreagracht a chinntiú go bhfuil do sheoladh cothrom le dáta i gcónaí i do chuntas Apply4EP.

5.2 Iarrataí ó iarrthóirí ar rochtain ar fhaisnéis a bhaineann leo

Tá ceart sonrath ag na hiarrthóirí faisnéis áirithe a bhaineann leo go díreach agus go leithleach a rochtain, faoi réir na gcoinníollacha a dtugtar tuairisc anseo thíos orthu. Mura bhfuil tú ar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha, féadfaidh Parlaimint na hEorpa, ar iarraidh a fháil uait, ráiteas a sholáthar ina bhfuil na scóir a fuair tú i ngach cuid de na tástálacha. Ní mór aon iarrataí ar rochtain ar fhaisnéis a dhéanamh trí do chuntas Apply4EP laistigh de mhí amháin ón dáta a seoladh an ríomhphost inar tugadh fógra faoi thorthaí na tástála duit.

Bíonn iarraidh ar rochtain ar fhaisnéis bainteach i gcónaí le cinneadh críochnaitheach an choiste roghnúcháin. Agus é seo san áireamh:

- níor cheart duit fanacht go dtí go bhfaighidh tú an fhaisnéis a d'iarr tú sula gcuirfidh tú iarraidh ar athbhreithniú isteach (féach alt 6 thíos), mar ní bheidh an tAonad um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain ábalta d'iarraidh ar rochtain ar fhaisnéis a phróiseáil go dtí tar éis an spriocdháta chun iarraidh ar athbhreithniú a chur isteach;
- má tá iarraidh ar athbhreithniú ar do mheasúnuithe curtha isteach agat, ba cheart duit fanacht go dtí go bhfaighidh tú freagra an choiste roghnúcháin ar an iarraidh sin ar athbhreithniú (i.e. a chinneadh deiridh) sula ndéanann tú iarraidh ar rochtain ar fhaisnéis.

Ní mór iarrataí ar fhaisnéis a phróiseáil i gcomhréir leis an gceanglas go mbeidh imeachtaí an choiste roghnúcháin faoi rún, mar a leagtar síos i Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh (Airteagal 6 d'Iarscríbhinn III). Ciallaíonn sé seo nach féidir tuairimí an choiste roghnúcháin a nochtadh, agus ní féidir aon fhaisnéis a bhaineann le measúnú pearsanta nó comparáideach ar iarrthóirí a nochtadh ach an oiread.

Ní mór na hiarrataí sin a phróiseáil chomh maith i gcomhréir leis na rialacha maidir le cosaint daoine aonair i dtaca le próiseáil a sonraí pearsanta. Freagróidh Parlaimint na hEorpa iarrataí ar rochtain ar fhaisnéis laistigh de mhí amháin ón dáta a gheofar iad.

Is féidir leat an fhaisnéis seo a leanas a iarraidh:

- i gcás measúnú na gcáilíochtaí: na pointí a fuair tú i ngach ceann de na príomhchritéir mheasúnaithe;
- cóip neamhmharcáilte de do pháipéar tástála scríofa;
- do ghreillí marcála aonair (ina leagtar amach na pointí a fuair tú do gach ceann de na príomhchritéir mheasúnaithe) do gach tástáil ar tugadh cuireadh duit chuige.

Má chuirtear ar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha thú, ní féidir leat iarratas a dhéanamh ar rochtain ar fhaisnéis go dtí go gcuirfear in iúl duit go bhfuil d'ainm ar an liosta.

5.3 Cosaint sonraí pearsanta

Mar an comhlacht atá freagrach as comórtais/nósanna imeachta roghnúcháin a eagrú, cinntíonn Parlaimint na hEorpa go bpróiseáiltear sonraí pearsanta na n-iarrthóirí i ndlúthchomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus saorghluaiseacht na sonraí sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, ¹, go háirithe a mhéid a bhaineann lena rúndacht agus a shlándáil.

6. IARRATAÍ AR ATHBHREITHNIÚ – GEARÁIN AGUS ACHOMHAIRC – GEARÁIN CHUIG AN OMBUDSMAN EORPACH

Is féidir faisnéis faoi iarrataí ar athbhreithniú, achomhairc, agus gearáin chuig an Ombudsman Eorpach a fháil in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an treoir seo.

¹ IO L 295, 21.11.2018, I ch. 39, <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj>.

IARSCRÍBHINN I

Treoir **tháscach** ar cháilíochtaí an **Aontais Eorpaigh** ina dtugtar rochtain ar chomórtais/nósanna imeachta roghnúcháin don ghrúpa feidhme AD ² (a mheasúnaítear de réir an cháis):

TÍR	Cúrsa ollscoile a mhaireann ceithre bliana ar a laghad	Cúrsa ollscoile a mhaireann trí bliana ar a laghad
Belgique – België – Belgien	Licence / Licentiaat / Diplôme d'études approfondies (DEA) / Diplôme d'études spécialisées (DES) / Diplôme d'études supérieures spécialisées (DESS) / Gediplomeerde in de Voortgezette Studies (GVS) / Gediplomeerde in de Gespecialiseerde Studies (GGS) / Gediplomeerde in de Aanvullende Studies (GAS) Agrégation de l'enseignement secondaire supérieur (AESS)/ Aggregaat Ingénieur industriel/Industrieel ingenieur / Master — 60/120 ECTS / Master complémentaire — 60 ECTS ou plus Agrégation de l'enseignement secondaire supérieur (AESS) — 30 ECTS Doctorat/Doctoraal Diploma	Bachelor académique (dit «de transition») - 180 ECTS Academisch gerichte Bachelor - 180 ECTS
България	Диплома за висше образование Бакалавър — 240 ECTS / Магистър — 300 ECTS / Доктор Магистър след Бакалавър — 60 ECTS / Магистър след Професионален бакалавър по ... — 120 ECTS	
Česká republika	Diplom o ukončení vysokoškolského studia / Magistr / Doktor	Diplom o ukončení bakalářského studia (Bakalář)
Danmark	Kandidatgrad/Candidatus / Master/Magistergrad (Mag.Art) / Licenciatgrad / Ph.d.-grad	Bachelorgrad (B.A or B. Sc) / Professionsbachelorgrad / Diplomingeniør
Deutschland	Master (alle Hochschulen) / Diplom (Univ.) / Magister / Staatsexamen / Doktorgrad	Bachelor / Fachhochschulabschluss (FH) Staatsexamen (Regelstudienzeit 3 Jahre)
Eesti	Rakenduskõrghariduse diplom Bakalaureusekraad (160 ainepunkti) / Magistrikraad / Arstikraad / Hambaarstikraad / Loomaarstikraad / Filosoofiadoktor / Doktorikraad (120–160 ainepunkti)	Bakalaureusekraad (min 120 ainepunkti) / Bakalaureusekraad (< 160 ainepunkti)
Éire/Ireland	Céim Onórach Bhaitisiléara (4 bliana/240 ECTS) <i>Honours Bachelor Degree (4 years/ 240 ECTS)</i> / Céim Ollscoile <i>University Degree</i> / Céim Mháistir (60-120 ECTS) <i>Master's Degree (60- 120 ECTS)</i> / Céim Dochtúra <i>Doctorate</i>	Céim Onórach Bhaitisiléara (3 bliana/180 ECTS) (BA, BSc, BEng) <i>Honours Bachelor Degree (3 years/180 ECTS)</i> (BA, BSc, BEng)

² Tá rochtain ar ghráid 7 go 16 de ghrúpa feidhme AD faoi réir an choinníll bhreise go bhfuil bliain amháin ar a laghad de thairní ghairmiúil ábhartha faighte.

Τίρ	Κύρσα ολλσcoile a mhaireann ceithre bliana ar a laghad	Κύρσα ολλscoile a mhaireann trí bliana ar a laghad
Ελλάδα	Πτυχίο (ΑΕΙ πανεπιστημίου, πολυτεχνείου, ΤΕΙ υποχρεωτικής τετραετούς φοίτησης) 4 χρόνια (1ος κύκλος) Μεταπτυχιακό Δίπλωμα Ειδίκευσης (2ος κύκλος) Διδακτορικό Δίπλωμα (3ος κύκλος)	
España	Licenciado / Ingeniero / Arquitecto / Graduado / Máster Universitario / Doctor	Diplomado / Ingeniero técnico Arquitecto técnico/Maestro
France	Maîtrise / MST (maîtrise des sciences et techniques) / MSG (maîtrise des sciences de gestion) DEST (diplôme d'études supérieures techniques) / DRT (diplôme de recherche technologique) DESS (diplôme d'études supérieures spécialisées) / DEA (diplôme d'études approfondies) Master 1 / Master 2 professionnel / Master 2 recherche Diplôme des grandes écoles / Diplôme d'ingénieur / Doctorat	Licence
Italia	Diploma di Laurea (DL) — da 4 a 6 anni / Laurea specialistica (LS) / Laurea magistrale (LM) / Master universitario di primo livello / Master universitario di secondo livello / Diploma di Specializzazione (DS) / Dottorato di ricerca (DR)	Diploma universitario (3 anni) / Diploma di Scuola diretta a fini speciali (3 anni) / Laurea — L180 crediti
Κύπρος	Πανεπιστημιακό Πτυχίο/Bachelor Master / Doctorat	
Latvija	Bakalaura diploms (160 kredīti) / Profesionālā bakalaura diploms / Maģistra diploms / Profesionālā maģistra diploms / Doktora grāds	Bakalaura diploms (min. 120 kredīti)
Lietuva	Aukštojo mokslo diplomas / Bakalauro diplomas / Magistro diplomas / Daktaro diplomas / Meno licenciato diplomas	Profesinio bakalauro diplomas Aukštojo mokslo diplomas
Luxembourg	Master / Diplôme d'ingénieur industriel / DESS en droit européen	Bachelor / Diplôme d'ingénieur technicien
Magyarország	Egyetemi oklevél / Alapfokozat – 240 kredit / Mesterfokozat / Doktori fokozat	Főiskolai oklevél / Alapfokozat – 180 kredit vagy annál több
Malta	Bachelor's degree / Master of Arts / Doctorate	Bachelor's degree
Nederland	HBO Bachelor degree HBO/WO Master's degree Doctoraal examen /Doctoraat	Bachelor (WO)

Österreich	<p>Master Magister/Magistra Magister/Magistra (FH) Diplom-Ingenieur/in Diplom-Ingenieur/in (FH) Doktor/in PhD</p>	<p>Bachelor Bakkalaureus/Bakkalaurea Bakkalaureus/Bakkalaurea (FH)</p>
-------------------	---	--

TÍR	Cúrsa ollscoile a mhaireann ceithre bliana ar a laghad	Cúrsa ollscoile a mhaireann trí bliana ar a laghad
Polska	<p>Magister / Magister inżynier Dyplom doktora</p>	Licencjat / Inżynier
Portugal	Licenciado / Mestre / Doutor	Bacharel / Licenciado
Republika Hrvatska	<p>Baccalaureus / Baccalaurea (Sveučilišni Prvostupnik / Prvostupnica) Stručni Specijalist Master degree (magistar struke) 300 kredit min magistar inženjer/ magistrica inženjerka (mag. ing). Doktor struke / Doktor umjetnosti</p>	<p>Baccalaureus / Baccalaurea (Sveučilišni Prvostupnik / Prvostupnica)</p>
România	<p>Diplomă de Licență / Diplomă de inginer / Diplomă de urbanist / Diplomă de Master / Diplomă de Studii Aprofundate / Certificat de atestare (studii academice postuniversitare) / Diplomă de doctor</p>	Diplomă de Licență
Slovenija	<p>Univerzitetna diploma/ Magisterij / Specializacija / Doktorat</p>	Diploma o pridobljeni visoki strokovni izobrazbi
Slovensko	<p>diplom o ukončení vysokoškolského štúdia / bakalár (Bc.) / magister magister/inžinier / ArtD</p>	diplom o ukončení bakalárskeho štúdia (bakalár)
Suomi/Finland	<p>Maisterin tutkinto — Magister-examen Ammattikorkeakoulututkinto — Yrkeshögskoleexamen (min 160 opintoviikkoa — studieveckor) Tohtorin tutkinto (Doktorsexamen) joko 4 vuotta tai 2 vuotta lisensiaatin tutkinnon jälkeen — antingen 4 år eller 2 år efter licentiatexamen / Lisensiaatti/Licentiat</p>	<p>Kandidaatin tutkinto - Kandidatexamen / Ammattikorkeakoulututkinto - Yrkeshögskoleexamen (min 120 opintoviikkoa — studieveckor)</p>
Sverige	<p>Magisterexamen (akademisk examen omfattande minst 160 poäng varav 80 poäng fördjupade studier i ett ämne + uppsats motsvarande 20 poäng eller två uppsatser motsvarande 10 poäng vardera) / Licentiatexamen / Doktorsexamen Meriter på avancerad nivå: Magisterexamen, 1 år, 60 högskolepoäng / Masterexamen, 2 år, 120 högskolepoäng Meriter på forskarnivå: Licentiatexamen, 2 år, 120 högskolepoäng / Doktorsexamen, 4 år, 240 högskolepoäng</p>	<p>Kandidatexamen (akademisk examen omfattande minst 120 poäng varav 60 poäng fördjupade studier i ett ämne + uppsats motsvarande 10 poäng) Meriter på grundnivå: Kandidatexamen, 3 år, 180 högskolepoäng (Bachelor)</p>

<p>United Kingdom</p>	<p>Honours Bachelor degree / Master's degree (MA, MB, MEng, MPhil, MSc) / Doctorate</p> <p>NOTE:</p> <p>UK diplomas awarded on or before 31 December 2020 are accepted without an equivalence statement.</p> <p>UK diplomas awarded on or after 1 January 2021 must be accompanied by an equivalence statement issued by a competent authority of an EU Member State.</p>	<p>(Honours) Bachelor degree</p> <p>NB: Master's degree in Scotland</p>
------------------------------	--	---

IARSCRÍBHINN II

Treoir **tháscach** ar cháilíochtaí an **Aontais Eorpaigh** ina dtugtar rochtain ar chomórtais/nósanna imeachta roghnúcháin don ghrúpa feidhme AST³ (a mheasúnaítear de réir an cháis):

TÍR	Oideachas meánscoile (lena dtugtar rochtain ar oideachas iar-mheánscoile)	Oideachas iar-mheánscoile (cúrsa ardoideachais nach cúrsa ollscoile é nó gearrchúrsa ollscoile a mhair dhá bhliain ar a laghad)
Belgique – België – Belgien	Certificat de l'enseignement secondaire supérieur (CESS) / Diploma secundair onderwijs / Diplôme d'aptitude à accéder à l'enseignement supérieur (DAES) / Getuigschrift van hoger secundair onderwijs / Diplôme d'enseignement professionnel / Getuigschrift van het beroepssecundair onderwijs	Candidature - Kandidaat Graduat - Gegradueerde Bachelier (dit «professionnalisant» ou de «type court»)/ Professioneel gerichte Bachelor — 180 ECTS
България	Диплома за средно образование / Свидетелство за зрелост / Диплома / Диплома за завършено средно образование / Диплома за средно специално образование	Специалист по ...
Česká republika	Vysvědčení o maturitní zkoušce	Vysvědčení o absolutoriu (Absolutorium) + diplomovaný specialista (DiS.)
Danmark	Bevis for: Studentereksamen Højere Forberedelseksamen (HF) / Højere Handelseksamen (HHX) / Højere Afgangseksamen (HA) / Bevis for Højere Teknisk Eksamen (HTX)	Videregående uddannelser = Bevis for = Eksamensbevis som (erhvervsakademiuddannelse AK)
Deutschland	Allgemeine Hochschulreife / Abitur / Fachgebundene Hochschulreife / Fachhochschulreife / Hochschulzugang für beruflich Qualifizierte	
Eesti	Gümnaasiumi lõputunnistus + riigieksamitunnistus Lõputunnistus kutsekeskhariduse omandamise kohta	Tunnistus keskhariduse baasil kutsekeskhariduse omandamise kohta
Éire/Ireland	Ardteistiméireacht Grád D3 i 5 ábhar / <i>Leaving Certificate Grade D3 in 5 subjects</i> / Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT) / <i>Leaving Certificate Vocational Programme</i> (LCVP)	Teastas Náisiúnta / <i>National Certificate</i> / Céim Bhaitsiléara / <i>Ordinary Bachelor Degree</i> Dioplóma Náisiúnta (ND, Dip.) / <i>National Diploma</i> (ND, Dip.) / Dámhachtain Ardteastas Ardoideachais (120 ECTS) / <i>Higher Certificate</i> (120 ECTS)

³ Tá rochtain ar ghrúpa feidhme AST faoi réir an choinníll bhreise go bhfuil trí bliana amháin ar a laghad de thaithí ghairmiúil ábhartha faighte.

Τίτλος	Οιδοεχασ μεάνσχοιλε (lena dtugtar rochtain ar oideachas iar- mheánσχοιλε)	Οιδοεχασ iar-mheánσχοιλε (cúrsa ardoideachais nach cúrsa ollσχοιλε é nó gearrchúrsa ollσχοιλε a mhair dhá bhliain ar a laghad)
Ελλάδα	α) Απολυτήριο Γενικού Λυκείου β) Απολυτήριο Κλασικού Λυκείου γ) Απολυτήριο Τεχνικού — Επαγγελματικού Λυκείου δ) Απολυτήριο Ενιαίου Πολυκλαδικού Λυκείου Απολυτήριο Ενιαίου Λυκείου / Απολυτήριο Τεχνολογικού Επαγγελματικού Εκπαιδευτηρίου / Απολυτήριο Γενικού Λυκείου / Απολυτήριο Επαγγελματικού Λυκείου	Δίπλωμα επαγγελματικής κατάρτισης (IEK)
España	Bachillerato Unificado y Polivalente (BUP) + Curso de Orientación Universitaria (COU) / Bachillerato	Técnico superior / Técnico especialista
France	Baccalauréat / Diplôme d'accès aux études universitaires (DAEU) / Brevet de technicien	Diplôme d'études universitaires générales (DEUG) / Brevet de technicien supérieur (BTS) / Diplôme universitaire de technologie (DUT) / Diplôme d'études universitaires scientifiques et techniques (DEUST)
Italia	Diploma di scuola secondaria superiore (diploma di maturità o esame di Stato conclusivo dei corsi di studio di istruzione secondaria superiore)	Certificato di specializzazione tecnica superiore/attestato di competenza (4 semestri) Diploma di istruzione e formazione tecnica superiore (IFTS) / Diploma di istruzione tecnica superiore (ITS) Diploma universitario (2 anni) Diploma di Scuola diretta a fini speciali (2 anni)
Κύπρος	Απολυτήριο	Δίπλωμα = Programmes offered by Public/Private Schools of Higher Education (for the latter accreditation is compulsory) / Higher Diploma
Latvija	Atestāts par vispārējo vidējo izglītību Diploms par profesionālo vidējo izglītību	Diploms par pirmā līmeņa profesionālo augstāko izglītību
Lietuva	Brandos atestatas	Aukštojo mokslo diplomas Aukštesniojo mokslo diplomas
Luxembourg	Diplôme de fin d'études secondaires et techniques	Brevet de technicien supérieur (BTS) / Brevet de maîtrise / Diplôme de premier cycle universitaire (DPCU) / Diplôme universitaire de technologie (DUT)
Magyarország	Gimnáziumi érettségi bizonyítvány / Szakközép-iskolai érettségiképesítő bizonyítvány / Érettségi bizonyítvány	Bizonyítvány felsőfokú szakképesítésről

TÍR	Oideachas meánscoile (lena dtugtar rochtain ar oideachas iar- mheánscoile)	Oideachas iar-mheánscoile (cúrsa ardoideachais nach cúrsa ollscoile é nó gearrchúrsa ollscoile a mhair dhá bhliain ar a laghad)
Malta	Advanced Matriculation or GCE Advanced level in 3 subjects (2 of them grade C or higher) / Matriculation certificate (2 subjects at Advanced level and 4 at Intermediate level including systems of knowledge with overall grade A-C) + Passes in the Secondary Education Certificate examination at Grade 5 / 2 A Levels (passes A-E) + a number of subjects at Ordinary level, or equivalent	MCAST diplomas/certificates Higher National Diploma
Nederland	Diploma VWO / Diploma staatsexamen (2 diploma's) / Diploma staatsexamen voorbereidend wetenschappelijk onderwijs (Diploma staatsexamen VWO) / Diploma staatsexamen hoger algemeen voortgezet onderwijs (Diploma staatsexamen HAVO)	Kandidaatsexamen Associate degree (AD)
Österreich	Matura/Reifeprüfung Reife-und Diplomprüfung Berufsreifeprüfung	Kollegdiplom Akademiediplom
Polska	Świadectwo dojrzałości Świadectwo ukończenia liceum ogólnokształcącego	Dyplom ukończenia kolegium nauczycielskiego Świadectwo ukończenia szkoły policealnej
Portugal	Diploma de Ensino Secundário/ Certificado de Habilitações do Ensino Secundário	
Republika Hrvatska	Svjedodžba o državnoj maturi Svjedodžba o završnom ispitu	Associate degree Graduate specialist Stručni Pristupnik / Pristupnica
România	Diplomă de bacalaureat	Diplomă de absolvire (Colegiu universitar) învățământ preuniversitar
Slovenija	Maturitetno spričevalo (Spričevalo o poklicni maturi) (Spričevalo o zaključnem izpitu)	Diploma višje strokovne šole
Slovensko	vysvedčenie o maturitnej skúške	absolventský diplom
Suomi/Finland	Ylioppilastutkinto tai peruskoulu + kolmen vuoden ammatillinen koulutus – Studentexamen eller grundskola + treårig yrkesinriktad utbildning (Betyg över avlagd yrkesexamen på andra stadiet) Todistus yhdistelmäopinnoista (Betyg över kombinationsstudier)	Ammatillinen opistoasteen tutkinto — Yrkesexamen på institutnivå

Sverige	Slutbetyg från gymnasieskolan (3-årig gymnasial utbildning)	Högskoleexamen (80 poäng) Högskoleexamen, 2 år, 120 högskolepoäng Yrkeshögskoleexamen/Kvalificerad yrkeshögskoleexamen, 1– 3 år
----------------	---	---

TÍR	Oideachas meánscoile (lena dtugtar rochtain ar oideachas iar-mheánscoile)	Oideachas iar-mheánscoile (cúrsa ardoideachais nach cúrsa ollscoile é nó gearrchúrsa ollscoile a mhair dhá bhliain ar a laghad)
United Kingdom	<p>General Certificate of Education Advanced level — 2 passes or equivalent (grades A to E)</p> <p>BTEC National Diploma</p> <p>General National Vocational Qualification (GNVQ), advanced level</p> <p>Advanced Vocational Certificate of Education, A level (VCE A level)</p> <p>NOTE: UK diplomas awarded on or before 31 December 2020 are accepted without an equivalence statement. UK diplomas awarded on or after 1 January 2021 must be accompanied by an equivalence statement issued by a competent authority of an EU Member State.</p>	<p>Higher National Diploma/ Certificate (BTEC)/SCOTVEC</p> <p>Diploma of Higher Education (DipHE)</p> <p>National Vocational Qualifications (NVQ) and Scottish Vocational Qualifications (SVQ) level 4</p>

IARSCRÍBHINN III

IARRATAÍ AR ATHBHREITHNIÚ – GEARÁIN AGUS ACHOMHAIRC – GEARÁIN CHUIG AN OMBUDSMAN EORPACH

A. Iarrataí ar athbhreithniú

Ag aon chéim den nós imeachta roghnúcháin, féadfaidh tú athbhreithniú a iarraidh ar aon chinneadh a rinne an coiste roghnúcháin atá dírithe ort agus a mbíonn drochthionchar aige ort. Féadfar athbhreithniú a iarraidh má chreideann tú go ndeachthas chun dochair do do leasanna mar gheall ar bhotún.

Is é cuspóir an nós imeachta athbhreithnithe lamháil don choiste roghnúcháin an cinneadh atá faoi dhíospóid a athbhreithniú agus a leasú i gcás ina bhfuil údar maith leis (mar shampla, má rinneadh earráid sa mheasúnú). Dá bhrí sin, athscrúdóidh an coiste roghnúcháin a mheasúnú agus deimhneoidh sé a chonclúidí tosaigh nó eiseoidh sé cinneadh athbhreithnithe. Ní chiallaíonn sé, ann féin, go ndearnadh earráid sa mheasúnú go mb'fhéidir nach n-aontaíonn tú le meastóireacht an choiste roghnúcháin ar do fheidhmíocht, do cháilíochtaí nó do thaithí ghairmiúil. Tá lánrogha leathan ag an gcoiste roghnúcháin agus breithiúnais luacha á ndéanamh aige sna réimsí seo.

Ní mór iarrataí ar athbhreithniú a chur isteach trí do chuntas Apply4EP laistigh de **10 lá féilire** ón dáta a seoladh an ríomhphost a chuir cinneadh an choiste roghnúcháin in iúl duit. Ní mór go luaitear i d'iarraidh go soiléir go bhfuil athbhreithniú á lorg agat agus ní mór míniú mionsonraithe ar na cúiseanna a bheith san áireamh ann.

Cuirtear cinneadh a ghlactar tar éis iarraidh ar athbhreithniú in ionad an chinnidh bhunaidh. Ar an gcúis seo, má chuireann tú iarraidh ar athbhreithniú isteach, iarrtar ort fanacht le freagra ón gcoiste roghnúcháin sula ndéanfaidh tú gearán riaracháin nó gníomhaíocht bhreithiúnach.

B. Gearáin riaracháin agus gníomhaíocht bhreithiúnach

Má mheasann tú go ndearna cinneadh a ghlac an coiste roghnúcháin nó an t-údarás ceapacháin mórdhochar duit, féadfaidh tú gearán a thaisceadh ag aon chéim den nós imeachta roghnúcháin, faoi Airteagal 90(2) de Rialachán Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh⁴.

Ba cheart an gearán a sheoladh go dtí:

Ard-Rúnaí Pharlaimint na
hEorpa, Foirgneamh
Konrad Adenauer, 2929
Lucsamburg
LUCSAMBURG

Is féidir leat gearán a chomhdú trí ríomhphost a sheoladh chun AR90@europarl.europa.eu. Má roghnaíonn tú do ghearán a chur isteach trí ríomhphost, glacann tú leis go gcuirtear gach cumarsáid agus tarchur an chinnidh deiridh chuig do sheoladh ríomhphoist. Thairis sin, tabhair do d'aire má sheolann tú do ghearán trí ríomhphost, ní gá é a sheoladh tríd an bpost.

Tabhair do d'aire nach féidir leis an údarás ceapacháin cinntí a dhéanann coistí roghnúcháin i

⁴ Féach Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle (IO L 56, 4.3.1968, Ich. 1), arna leasú le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 723/2004 (IO L 124, 27.4.2004, Ich. 1) agus le déanaí le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leasaítear Rialachán Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (IO L 287, 29.10.2013, Ich.15).

nósanna imeachta roghnúcháin a leasú ná a chealú. Má aimsíonn an t-údarás ceapacháin botún nós imeachta nó earráid mheasúnaithe shoiléir, cuirfear an cás ar ais chun an choiste roghnúcháin chun é a athmheasúnú. Más mian leat cur i gcoinne cinneadh ó choiste roghnúcháin, ní mór duit achomharc a thaisceadh go díreach le Cúirt an Aontais Eorpaigh, gan gearán a chomhdú ar dtús faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 91 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, ní mór caingean bhreithiúnach a sheoladh go dtí:
Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh
2925 Lucsamburg
LUCSAMBURG.

Ní mór achomhairc go dtí Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh a dhéanamh trí dhlíodóir atá údaraithe chun cleachtadh os comhair cúirte i mBallstát den Aontas Eorpach nó den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

Tosaíonn na teorainneacha ama a leagtar síos in Airteagail 90 agus 91 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh a bhaineann leis an dá chineál achomhairc seo ag rith ón dáta a dtugtar fógra faoin gcinneadh bunaidh a ndearnadh mórdhochar duit nó, i gcás iarrata ar athbhreithniú amháin, ón dáta a gcuirfear fógra faoi fhreagra bunaidh an choiste roghnúcháin ar an iarraidh chugat.

C. Gearán a thaisceadh leis an Ombudsman Eorpach

Mar shaoránach nó cónaitheoir den Aontas Eorpach, is féidir leat gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach faoi Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) 2021/1163 ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom⁵.

Ba cheart gearáin a sheoladh go dtí:

An tOmbudsman Eorpach
1, Avenue du Président Robert Schuman
B.P. 403 67001 Strasbourg Cedex
AN FHRAINIC.

Tabhair do d'aire nach bhfuil aon éifeacht fionraíochta ag gearán a thaisceadh leis an Ombudsman ar an teorainn ama a leagtar síos in Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne chun achomhairc a thaisceadh le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

I gcomhréir le hAirteagal 228(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní fhiosraíonn an tOmbudsman gearáin i gcás ina bhfuil nó ina raibh na fíorais a líomhnaítear faoi réir imeachtaí dlíthiúla.

Níl aon éifeacht fionraíochta ar obair an choiste roghnúcháin ag iarraidh ar athbhreithniú, gearán, caingean ná gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh.

⁵ IO L 253, 16.7.2021, Ichn. 1, <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1163/oj>.